

# Seicliosta i leith na Fuaimeanna a Dhéantar : Do leanbh

## Ceithre Mhí - an leanbh:

Déantar fuaimeanna boga tar éis dúiseachta. Bíonn glothar á dhéanamh ag an leanbh.

## Sé mhí - an leanbh:

Déantar fuaimeanna atá cosúil le gáire a dhéanamh. Ag tosnú ar fhuaimneanna le gutaí agus le rithim iontu (mar shampla a-a, muh, goo, der, aroo, adah).

## Naoi mí - an leanbh

Ag déanamh fuaimeanna chun cairdeas a leiriú nó crostacht a chur in iúl. Ag plubaireach mar shampla 'dada da', 'ma ma ma', 'ba ba ba'. Ag baint pléisiúir as plubaireacht a dhéanamh go hard agus go ceolmhar. Ag tosnú ar aithris a dhéanamh ar fhuaimneanna eile ar nós casacht a dhéanamh nó fuaimeanna leis na beola a dhéanamh.

## Aon bhliain d'aois - an leanbh:

Ag plubaireacht go hard; go minic bíonn rithim na cainte le sonrú agus seo á dhéanamh. B'fhéidir go dtosfaí ar fhocal nó dhó a úsáid atá inaitheanta.

## Cúig mhí déag - an leanbh:

Déantar go leor fuaimeanna atá cosúil le focail á labhairt. Ag úsáid idir 2-6 focal atá inaitheanta agus leis an brí cheart ag baint leo (mar shampla: Baintear úsáid as an focal 'teidí' nuair a fheictear é nó nuair a bhíonn sé ag teastáil).

## Ocht mí déag - an leanbh:

Le linn don leanbh bheith ag súgradh, déantar fuaimeanna ina bhfuil rithim na cainte iontu atá cosúil le teanga á labhairt. Ag úsáid idir 6-20 focal atá inaitheanta. Ag iarraidh teacht isteach nuair a bhíonn ranta agus amhráin á chanadh.

## Dhá bhliain d'aois - an páiste

Ag úsáid 50 nó níos mó focail i gceart atá inaitheanta. In ann 2 fhocal nó níos mó a chur le chéile chun abairtí shimplí a dhéanamh (mar shampla: deoch bainne). Ábalta teacht isteach nuair a bhíonn ranta agus amhráin á chanadh. Ag labhairt leo féin nuair a bhíonn siad ag súgradh (B'fhéidir nach dtuigfeadh daoine eile é seo)

## Dhá bhliain go leith - an páiste

Ag úsáid 200 nó níos mó focail atá inaitheanta. In ann réamhfhocail a úsáid (mar shampla: mise, tusa). Ag úsáid abairtí, ach ina lán do na habairtí seo ní bheidh struchtúr labhartha an duine fhásta ar fáil iontu. Ag labhairt leo féin ar bhealach atá intuigthe le linn dóibh súgradh a dhéanamh. Ag cur ceistanna . Ábalta líon beag ranta a rá.

Má bhíonn aon údar imní nó ceisteanna agat maidir leis an méid thuas, ba chóir iad a phlé le do liachleachtóir ginearálta (dochtúir teghlaigh) nó do altra sláinte poiblí

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Clár Scagthástála Éisteachta Nua-Naíonna FSS.

Is féidir teacht ar an suíomh idirlíne atá againn ar : [www.cuh.hse.ie](http://www.cuh.hse.ie)

Cuirtear é seo ar fáil le caoinchead ón NHS Newborn Hearing Screening Programme / National Screening Committee, Ríocht Aontaithe

